

# Innéacs

Cearnóg Daunt .....	B3
Sráid an Acadaimh .....	B2
Cé Albert .....	F3
Sráid Albert .....	G2
Sráid Ailbhe .....	G1
Cé Anderson .....	F2
Sráid Anderson .....	F2
Sráid Anglesea .....	F4
Eaglais Baisteach .....	D1
Sráid Bhéaslaoi .....	E3
Páirc an Easpig Uí Luasa .....	A3
Sráid Fhaiche na mBollaf .....	C2
Droichead Bhriain Bóirmhe .....	F2
Sráid Bhriain Bóirmhe .....	F1
Sráid an Droichid .....	D1
Cé Camden .....	C1
Lána Uí Chiartha .....	B2
Sráid Caroline .....	D2
Sráid an Chaisleáin .....	A3
Droichead Chrifostóra Uí Ring .....	C1
Halla na Cathrach .....	F4
Leabharlann na Cathrach .....	A4
Droichead Chluain Tarbh .....	F3
Sráid Chluain Tarbh .....	F3
Sráid Coburg .....	C1
An Colasaem .....	F1
Coláiste Tráchtála .....	D4
Sráid an Chonallaigh .....	F3
Sráid Cook .....	B3
Cé Theach an Chustaim .....	G2
Sráid Theach an Chustaim .....	G2
Droichead Éamoinn deValera .....	G3
Sráid Eglinton .....	F4
Margadh Sasanach, An .....	A3
Amharclann an Everyman Palace .....	E1
Lána an Árais Cheoldrámaíochta .....	B2
Iar-Leabharlann Chorcaí .....	D3
Iar-fhoirgneamh Bhanc Taisce Chorcaí .....	E3
Iar-fhoirgneamh Bhanc Cúigí na hÉireann .....	E3
Cé an tAthar Maitiú .....	C4
Sráid an tAthar Maitiú .....	C4
Dealbh an Athar Theobald Mathew .....	D2
Sráid an Teampaill Fhrancaigh .....	B2
Ard- Oifig an Phoist .....	D3
Sráid an Chapail Bhúí .....	A3
Sráid na Leathghealaí .....	B2
Oifigí na gCoimisinéirí Cuain .....	G2
Séipéal na Tríonóide Naofa .....	C4
Ceantar na nUgóineach .....	B3
Cé Lapp .....	F3
Cé Lavitt .....	B1
Bothar Ghleann Maghair Iochtara .....	G1
Sráid Mhic Churtáin .....	E1
Sráid Marlborough .....	B3
Sráid Maylor .....	D2
Cé na gCeannaithe .....	D2
Droichead Mhichíl Uí Choileáin .....	G2
Sráid Morgan .....	C3
Cé an Mhuiríosánaigh .....	D4
Droichead Nano De Nagle .....	B4
Séadchomhartha Náisiúnta .....	B4
Sráid Oilibhéir Phluincéid .....	C3
Droichead Na Parlaiminte .....	C4
Droichead Pharnell .....	E3
Plás Pharnell .....	E3

Sráid Phóil .....	B2
Sráid Pheambróg .....	D3
Teach Pheambróg .....	H1
Cé Penrose .....	G2
Sráid Perry .....	C2
Sráid an Fhéinics .....	D3
Sráid an Phaghanaigh .....	C1
Sráid an Phrionsa .....	B3
Caisleán na Banriona .....	A3
Sráid an Iarnróid .....	H1
Sráid Roiibeaird .....	C3
Savoy, An .....	C2
Scoile Ceoil .....	E4
Sráid na Long .....	F1
an Phríomhshráid Theas .....	A4
An meal Theas .....	B4
Droichead Naomh Pádraig .....	D1
Séipéal Naomh Pádraig .....	H1
Cé Naomh Pádraig .....	E1
Sráid Naomh Pádraig .....	B3
Cnoc Naomh Pádraig .....	D1
Cé Uí Shúileabháin .....	B4
Cnoc an t Samhraidh .....	F1
An clárchosán .....	F4
Oifig Turasóireachta .....	B4
Eaglais Phreispitéireach na Tríonóide .....	F1
Sráid Tuckey .....	A4
Cé na hAontachta .....	E4
Eaglais Úinitéireach .....	B3
Cuimhneachán Cogaidh .....	B4
Sráid Washington .....	A3
Sráid Liam .....	C2
Stuara Siopadóireachta Winthrop .....	C3
Sráid Winthrop .....	C3
Sráid Eabhac .....	E1

## Painéil Eolais

1 Cearnóg Daunt .....	A3
2 Sráid an Chapail Bhúí/ An Meal Theas .....	B4
3 Ard-Oifig an Phoist .....	D3
4 Droichead Pharnell .....	E3
5 Clárchosán .....	F3
6 Calafort Chorcaí .....	G2
7 Cé Penrose .....	G2
8 Droichead Bhriain Bóirmhe .....	F1
9 Cúinne an Cholasaeim .....	F1
10 Sráid Mhic Curtáin .....	E1
11 Cnoc Phádraig/Sráid Coburg .....	D1
12 Sráid Naomh Pádraig – thuaidh .....	C2
13 Sráid Naomh Pádraig – theas .....	B3

## smartertravel >>>

Léiríonn an tionscadal seo do dtacaíonn an Rialtas le rothlucht agus siúlóid mar modhanna taistil is inbhuanaithe.



COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ  
CORK CITY COUNCIL

smartertravel >>>

www.corkcity.ie

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Comhairle Cathrach Chorcaí  
Rannóg Iompair  
Teil: 021 492 4452  
rphost: traffic@corkcity.ie



# SIÚLÓIDÍ CHORCAÍ

## OILEÁIN LÁR NA CATHRACH

Turas siúil féintreoraithe de cheantar Oileáin Láir Chathair Chorcaí

FÁILTE go Siúlóidí Chorcaí agus go háirithe chuig an siúlóid seo de cheantar oileáin láir Chathair Chorcaí atá faoi cheangal ag cainéil thuaidh agus theas na Laoi. Turas siúil féintreoraithe é seo agus ní thógann sé ach faoi bhun uair an chloig.

Tá trí ghné ag baint leis an siúlóid seo. Cuireann an bhileog seo síos ar an siúlóid agus ar na radhairc ar an mbealach. Tá léarscáil mionsonrach ag baint léi freisin. Tá comharthaí treorach (siombailí siúil oráiste) i gcaitheamh na siúlóide chun cabhrú le treoir a thabhairt duit. Tá 13 painéal eolais suite ag pointí spéise éagsúla ar an mbealach. Tugtar cur síos gearr iontu ar áiteanna agus imeachtaí sna láithreacha sin.

Ar an mbealach tá go leor foirgneamh spéisiúil atá ar oscailt don phobal agus a bhfuil bileoga eolais iontu. Ina theannta sin, tá tuilleadh ábhar treorach ar an gCathair agus ar mhórcheantar Chorcaí san Oifig Turasóireachta, ar Shráid an Chapail Bhúí. Le do thoil tóg sos ar an mbealach, agus buail isteach inár n-eaglaisí, músaem, agus caiféanna.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an tsiúlóid seo i gCorcaigh.

## Siúlóid Oileáin Láir na Cathrach

Iompraíonn cathair lorg na ndaoine agus na n-imeachtaí a rinne í a mhúnlú thar am. Ní hamhlaidh go n-insítear na scéalta i líne shimplí amháin: bíonn an seanrud taobh leis an rud nua; – tugann an rud nua tuiscint ar an seanrud. Is féidir an oiread eolais a fháil ó shonra beag agus a fhaightear ó fhoirgneamh mór.

Lorgaíonn an tsiúlóid seo an chaoi inar fhorbair oileán láir cathrach Chorcaí i ndiaidh inlínadh roinnt canálacha abhann a mbíodh ag sní idir shraith oileán riascach. I gcroílár na cathrach, ní raibh sa phríomhbhealach, Sráid Naomh Pádraig, tráth ach uiscebhealach dá leithéid, agus is mar an gcéanna a bhí i gcás Sráid an Chapail Bhúí agus an Meal Theas.

Tá na droichid a shíneann ar feadh chainéil thuaidh agus theas na Laoi mar chuid rithábachtach de scéal Chorcaí freisin. Tógadh cineálacha difriúla droichead chun éascú a dhéanamh ar sheirbhísí loingis agus iarnróid. Cuireann gach droichead ina shlí féin le scéal na hama inar tógadh é.

Mar chuid bhunaídh de rathúlacht gheilleagrach na cathrach bhí a calafort agus an saibhreas a d'escair as trádáil in earraí ar nós im agus le lónú loinge do chabhlaigh na Breataine bhí Corcaigh ar cheann de na háiteanna is tábhachtaí larthar na hEorpa i rith na naoú haoise déag.

Tá leanúnachas agus athnuachan cuimsithe i saol na cathrach. Tá súil againn go gcuirfidh an tsiúlóid seo le tuiscint ar na próisis sin i saol na cathrach seo.

## Siúlóid Oileáin Lár na Cathrach

*Tosaíonn an tsiúlóid ar Chearnóg Daunt ag Painéal Eolais 1.*

*Lean ar aghaidh ón áit seo agus siúil ar feadh Shráid an Chapail Bhuí chomh fada leis an Séadchomhartha Náisiúnta chuig Painéal Eolais 2.*

Tá sé seo ar cheann de mhórpointí bailithe Chorcaí, áit a tháinig na sluaite le chéile ar éagsúlacht ócáidí i gcaitheamh na mblíanta. Tógadh an foirgneamh san iarthar thart ar 1787. Bhí aithne air ar dtús mar Clubtheach Uí Dhálaigh agus mar Chlub na Cathrach ina dhiaidh sin. Tagann aghaidh an fhoirgnimh ó lár na naoú haoise déag.

*Lean ar aghaidh ar an Meal Theas agus trasnaigh an bóthar go Sráid Pheambróg agus lean ar aghaidh chuig Painéal Eolais 3.*

Ag acomhal Shráid Pheambróg agus an Meal Theas tabhair faoi deara dáta agus comhartha Leabharlann Chorcaí snoite isteach sa chloch os cionn dorais. Seo an áit a d’fhéadfaí teach tar bhail de Chumainn Leabharlainne agus é ar oscailt cúig uaire chloig sa ló, sé lá sa tseachtain le leabhair ar réimse leathan ábhar ann.

Rinneadh damáiste do go leor den áit seo le linn Cogadh na Saoirse. Ón luaith áfach, d’fhás Corcaigh nua lena n-áirítear Stuaara Siopadóireachta Winthrop díreach trasna ón Ard-Oifig an Phoist. Osclaíodh an stuara ar an 11ú Márta 1926 agus é ar an gcéad cheann dá leithéid a tógadh i Saorstát na hÉireann.

*Lean ar aghaidh soir ar feadh Shráid Oilibhéir Phluincéid, trasnaigh an bóthar ag an acomhal ar Plás Pharnell agus lean ar aghaidh go Painéal Eolais 4 ar Ché an Lapaigh.*

Tugadh Plás Warren ar Phlás Pharnell tráth agus trasna na habhann áit ina bhfuil Halla na Cathrach sa lá atá inniu ann Riasc Sleigh a dtugtaí ar an áit. Ainmníodh an dá áit i ndiaidh ceannaithe agus lucht forbartha a chabhraigh chun iad a thabhairt isteach i gcompás na cathrach.


*Lean ar aghaidh ar feadh Ché an Lapaigh chomh fada le Painéal Eolais 5.*

*Ansin lean ar aghaidh ar feadh an Chlárchosáin chomh fada le Painéal Eolais 6.*

Tá fianaise ag gach cúinne sa dúiche seo de stair mhuirí Chorcaí – idir trádstóráil agus mullaird fheistithe agus adhmaid na sean-chalaí ag gobadh in airde ó uiscí na habhann. Tá an chuid thoir den oileán i seilbh Oifigí an Bhoird Chuan. Ó thuaidh agus ó dheas tá na trasnuithe abhann is faide síos le fána ag tabhairt rochtana ar lár an oileáin ón gcúlchróch máguaird. Ar an gcainéal Theas tá Droichead Éamoinn de Valera le Droichead Mhichíl Uí Choileáin ag trasnú an chainéil Thuaidh.

*Lean ar aghaidh ar feadh Shráid Theach an Chustaim, trasnaigh Droichead Mhichíl Uí Choileáin agus lean ar aghaidh chomh fada le Painéal Eolais 7.*

Láthair mhór tionscail san am atá caite ba ea taobhanna cé an chainéil thuaidh. I measc na n-earraí a mbíodh á dtabhairt chuig na céanna seo bhí gual, ábhar ríthábhachtach do mharthanacht na cathrach nua-aimseartha. Go dtí go luath sa fichiú haois bhíodh an lóddáil agus dlúchtú á ndéanamh de lámh, le lucht saothair mhór ag teastáil.



*Lean ar aghaidh siar ar feadh Ché Penrose chomh fada le Painéal Eolais 8.*

Tá droichid Chluain Tarbh agus Bhriain Bhóirmhe na bliana 1912 uathúil i stair na cathrach, sa chaoi gur tógadh iad chun freastal ar cheithre chineál iompair éagsúil; traenacha earraí agus paisinéirí, trácht feithicle, trácht coisithe agus ar deireadh le hardú suas chun freastal ar ghluaiseacht loingsis.

*Trasnaigh an bóthar agus lean ar aghaidh ar feadh Shráid Bhriain Bhóirmhe chomh fada le Painéal Eolais 9.*

Tógadh Sráid Bhriain Bhóirmhe i gcomhar le Droichead Bhriain Bhóirmhe agus ar feadh roinnt blianta bhí aithne uirthi mar an tSráid Nua.

Ag an acomhal seo, ba mhinic a tháinig na sluaite móra i dteannta le daoine cáiliúla, ceannasaithe polaitíochta ina measc, ar mhórshíúl go dtí nó ó stáisiún iarnróid Cheannt. I 1903, chuaigh an Rí Edward 7 agus an Banríon Alexandria thar bhráid na háite seo i ndiaidh a dturas chuig Taispeántas Idirnáisiúnta Chorcaí i bPáirc an Ghearraltaigh.

Anoir-aduaidh tá Cearnóg Uí Arractáin, áit ina raibh cónaí ar an scríbhneoir ghearrscéil chlúiteach, Frank O’Connor.

*Trasnaigh Sráid Bhriain Bhóirmhe agus lean ar aghaidh ar feadh Shráid Mhic Churtáin chomh fada le Painéal Eolais 10.*

Bhí an tArdmhéara Tomás Mac Curtáin, óna fuair an tsráid seo a

hainm, páirteach sa choscart le haghaidh saoire na hÉireann agus é ina cheannfort ar na fórsaí Poblachtach i gcathair Chorcaí i rith éirí amach 1916. Mharaigh póilíní na Corónach é ina theach sa Linn Dubh i Márta 1920 agus is ón mbeairic anseo ar Shráid Mhic Churtáin, ar a dtugtaí Sráid an Rí ag an am, a d’fhág déantóirí na coire chun tabhairt faoin slaod uafásach úd.

Ar thaobh thuaidh na sráide tá Uimh. 43, Clog Stóc mar chuid de thraidisiún déantúis chloig atá sa chathair ón seachtú haois déag agus ag Uimh. 46 tá Séipéal Bhaisteach na cathrach. Tá pobal Bhaisteach i gCorcaigh ón seachtú haois déag, lonnaithe in éagsúlacht láithreacha ar fud na cathrach. Tagann an séipéal reatha ón mbliain 1892.

*Lean ar aghaidh ar feadh Shráid Mhic Churtáin. Trasnaigh an bóthar ag an acomhal le Sráid an Droichid chun teacht ar Phainéal Eolais 11.*

Is iontach go deo an t-acomhal é acomhal Shráid Coburg, Sráid an Droichid, Cnoc Naomh Pádraig agus Sráid Mhic Churtáin. Ó gach ceann den cheithre treo is féidir tréithe difriúla na cathrach a fheiceáil.

Tá tú tar éis taistil ar feadh Shráid Mhic Churtáin chuig an oirthear. Ó thuaidh, ag ardú go géar ón gcathair, léiríonn Cnoc Naomh Pádraig fairsinge an ghleanna a shuíonn an chathair istigh ann. Le blianta beaga anuas tá an cnoc tar éis feidhmiú mar chuid suntasach de rásaí rothaíochta idirnáisiúnta atá tagtha chun na cathrach. San iarthar tá Spuaic an tSeandúin, ceann de na séadchomharthaí is clúití i gCorcaigh, agus túr na naoú haoise déag de chuid Ardeaglais

Chaitliceach na cathrach. Ó dheas tá Sráid an Droichid agus Droichead Naomh Pádraig, agus níos faide ar aghaidh is féidir éachtaint a fháil ar phríomhbhealach na cathrach, Sráid Naomh Pádraig, áit a thógann an tsiúlóid anois thú.

*Lean ar aghaidh ar feadh Shráid an Droichid, trasnaigh Abha na Laoi agus lean ar aghaidh ar feadh Shráid Naomh Pádraig chomh fada le Painéal Eolais 12.*

Nuair a thrasnaítear Droichead Naomh Pádraig agus Cainéal Thuaidh na Laoi tugtar ar ais arís eile thú go hoileán lár na cathrach agus go Sráid Naomh Pádraig.

Cuireadh dealbh an Athair Theobald Mathew fáilte roimh chuariteoirí chuig lár chathrach Chorcaí ón bplionta ina bhfuil sé ina sheasamh ón mbliain 1864 i leith. Ó Thiobraid Árann ó dhúchas ba ea é, agus i ndiaidh a oirnithe mar Chaipisíneach d’fhreastal sé ar mhuintir na cathrach ar feadh breis agus daichead bliain go dtí tráth a bháis sa bhliain 1856.

Foirgneamh íocónach eile fós ar an sráid is ea an Savoy. Ar feadh go leor den fichiú haois b’í seo an áit ina mbíodh Féile Scannáin Idirnáisiúnta Chorcaí ar siúl agus go leor de réalta is clúití de chuid Hollywood i láthair ann i gcaitheamh na mblíanta.

Suite siar ó Sráid Naomh Pádraig tá Ceantar na nÚgónach, a fuair a ainm ó na Protastúnaigh Francach a lonnairh iad féin i gCorcaigh ón seachtú haois déag déanach i leith. Cuireadh fáilte roimh na hÚgónaigh de bharr a gcuid scileanna agus ba ghairid gur glacadh leo mar bhail thábhachtacha an tsaoil tráchtala agus sibhialta i gCorcaigh. Bhunaigh cuid acu iad féin i ngnó agus i dtionscail déantúsaíochta, le tuilleadh fós acu ina ngaibhne geal clúiteacha. Bhí roinnt mhaith acu ina méaraí ar Chorcaigh. Táthar tar éis an chuid mharthanach seo de reilig na nÚgónach a athchóiriú agus is féidir breathnú air ar Lána Uí Chiartha.

*Lean ar aghaidh ar feadh Shráid Naomh Pádraig, trasnaigh chuig taobh thoir na sráide ag an acomhal le Sráid an Acadaimh agus lean ar aghaidh chomh fada le Painéal Eolais 13.*

Tá an bealach isteach chuig an Margadh Sasanach in aice lámhhe lonnaithe ar Shráid an Phrionsa. Osclaíodh é sa bhliain 1788 agus cuireadh aithne air mar an Margadh Sasanach toisc gurb é Bardas Shasanach nó Phrotastúnach na linne sin a d’oscail é. Bunaíodh margadh Gaeil níos déanaí ar Shráid Mhargadh an Arbhair. Tá an Margadh Sasanach tar éis clú idirnáisiúnta a fhorbairt mar ollmhargadh bia, áit inar féidir meascán de bhíanna traidisiúnta Chorcaí, cosúil le rupleog agus drisín, agus earraí andúchasacha a cheannach

Tugtar ‘Pana’ le cion ar Shráid Naomh Pádraig chomh maith agus deirtear go mbítear ag ‘déanamh Pana’ nuair a mbítear á shiúl – agus sin go díreach atá á dhéanamh agatsa anois agus tú á shiúl.

*Críochnaíonn an tsiúlóid anseo. Chun fillleadh ar Phainéal Eolais 1 ar Chearnóg Daunt, lean ar aghaidh ar Shráid Naomh Pádraig chomh fada leis an gcor sa bhóthar agus trasnaigh an bóthar ag baint úsáid ag an trasrian coisithe.*